Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11508/24**

**AELE 70**
**EEE 36**
**N 65**
**ISL 44**
**FL 47**
**AND 12**
**MC 6**
**SM 12**
**FEROE 1**
**MI 638**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11133/24 INIT |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus le hOileáin Fharó |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Margadh Inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus le hOileáin Fharó, ar conclúidí iad a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 25 Meitheamh 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MARGADH INMHEÁNACH LEATHNAITHE AONCHINEÁLACH AGUS MAIDIR LE CAIDREAMH AN AONTAIS LE TÍORTHA IN IARTHAR NA hEORPA NACH BALLSTÁIT DEN AONTAS IAD AGUS LE hOILEÁIN FHARÓ**

1. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi an 21 Meitheamh 2022, rinne an Chomhairle measúnú ar staid fhoriomlán chaidreamh an Aontais leis na tíortha seo a leanas in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad: an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Prionsacht Andóra, Poblacht San Mairíne, agus Prionsacht Mhonacó. Rinne an Chomhairle measúnú freisin ar staid an chaidrimh idir an tAontas agus Oileáin Fharó mar thír fhéinrialaitheach laistigh de Ríocht na Danmhairge agus nach bhfuil feidhm ag conarthaí an Aontais maidir léi.

2. Déanfaidh an Chomhairle measúnú an athuair ar staid an chaidrimh sin i gceann 2 bhliain, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs leathnú an mhargaidh inmheánaigh. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire an obair leanúnach atá á déanamh maidir le méadú an Aontais Eorpaigh amach anseo. Tugann sí dá haire freisin an caidreamh le Cónaidhm na hEilvéise, ar ghlac an Chomhairle cinneadh ina leith lena n-údaraítear caibidlíocht a dhéanamh maidir le pacáiste leathan an 12 Márta 2024.

## COMHARSANA AN AONTAIS EORPAIGH IN IARTHAR NA hEORPA

3. Is iad na tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad na comhpháirtithe is dlúithe atá ag an Aontas agus é ag féachaint leis an Eoraip a dhéanamh níos láidre, níos sábháilte, níos glaise, níos iomaíche agus níos rathúla, bunaithe ar chomhar síochánta, ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí don Aontas atá an caidreamh leis na dlúth-chomhpháirtithe sin go léir atá ar aon intinn agus atá an-chomhtháite leis an Aontas. Tá an comhar seanbhunaithe eadrainn bunaithe ar bhunluachanna agus bunleasanna atá i gcoitinne againn agus tá an oidhreacht agus an stair atá i gcoitinne againn, chomh maith leis na ceangail láidre chultúrtha agus gheografacha, mar bhonn faoi seo chomh maith.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an aontacht i dtaobh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Molann sí ráta ard ailínithe na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua le ráitis agus bearta sriantacha an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle na cinntí a rinne Andóra, San Mairíne agus Monacó, mar aon le hOileáin Fharó, bearta sriantacha coibhéiseacha a chur chun feidhme. Cuireann sí in iúl freisin gur mór aici gníomhaíochtaí eile i gcomhréir leo siúd arna ndéanamh ag an Aontas agus a Bhallstáit chun cur i gcoinne chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha, lena léirítear an chomhpháirtíocht dhlúth shármhaith sin idir an tAontas agus a chomharsana in Iarthar na hEorpa sa réimse sin freisin.

5. A bhuí leis an gcomhtháthú eacnamaíoch faoi chuimsiú mhargadh inmheánach leathnaithe an Aontais, neartaítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus a chomharsana in Iarthar na hEorpa a thuilleadh agus leagtar béim ar idirspleáchas ár rathúnais agus ár slándála eacnamaíche. Le 2 bhliain anuas, tá feabhas curtha ar an dlúthchaidreamh trí roinnt tionscnamh i raon leathan réimsí straitéiseacha.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil neart ár gcomhtháthaithe eacnamaíoch ag brath ar lánurraim do cheithre shaoirse an mhargadh inmheánaigh, i gcaidreamh is ceart a bhunú ar chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí, lena n-áirithítear cothrom na Féinne. Dá bhrí sin, na stáit ar fad atá rannpháirteach cheana sa mhargadh inmheánach leathnaithe, nó ar mian leo a leibhéal rannpháirtíochta ann a mhéadú, tá freagracht orthu a áirithiú go mbíonn sláine agus aonchineálachas ann agus go dtugtar lánurraim do chearta agus d'oibleagáidí cothroma saoránach agus gnólachtaí araon. Stáit nach Ballstáit den Aontas iad agus nach gcomhlíonann na hoibleagáidí céanna agus a chomhlíonann na Ballstáit, ní fhéadfaidh siad na cearta céanna a bheith acu agus atá ag na Ballstáit ná ní fhéadfaidh siad leas a bhaint as na sochair chéanna a mbaineann na Ballstáit leas astu.

7. Tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán dlús a chur leis na hiarrachtaí comhchoiteanna domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun an t-aistriú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus soghluaisteacht inbhuanaithe a shaothrú, chun dlús a chur leis an aistriú digiteach agus chun an bhithéagsúlacht agus an comhshaol ina n-iomláine a chosaint agus a athbhunú. Is den ríthábhacht go leanfar den chomhar idir an tAontas agus ár gcomhpháirtithe is dlúithe in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad maidir leis na saincheisteanna sin.

8. Tugann an Chomhairle dá haire an comhar sármhaith i réimsí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, cuir i gcás an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), forbairt agus cabhair dhaonnúil, an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá idirphlé polaitiúil atá dlúth agus córasach maidir le hábhair leasa choitinn a bhaineann leis an mbeartas eachtrach. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici ardleibhéal ailínithe a comhpháirtithe is dlúithe in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad le hionstraimí agus seasaimh chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, an tacaíocht láidir do sheasaimh an Aontais ar an leibhéal iltaobhach, agus na bearta sriantacha a forchuireadh i bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar den ailíniú láidir sin le dearbhuithe CBES agus bearta sriantacha, rud atá ríthábhachtach d’aontacht na hEorpa agus don tslándáil dhomhanda. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an dlúthchomhar chun cásanna ina dtagtar timpeall ar smachtbhannaí a sheachaint.

9. Cuireann an Chomhairle in iúl gur gá leanúint den chomhar i bhfóraim idirnáisiúnta idir an tAontas agus a chomhpháirtithe in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus feabhas a chur ar an gcomhar sin chun ord domhanda iltaobhach riailbhunaithe a neartú a thuilleadh agus oibriú i gcomhpháirt le chéile ar shaincheisteanna tosaíochta coiteanna, lena n-áirítear cearta an duine, an tsíocháin agus an tslándáil, agus comhrac an athraithe aeráide.

10. Ós rud é go bhfuil siad gar dá chéile ó thaobh na tíreolaíochta agus na polaitíochta de, tá na dúshláin slándála chéanna le sárú ag an Aontas agus a chomharsana in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad, agus braitheann siad ar a chéile chun an chobhsaíocht náisiúnta agus réigiúnach a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá an comhar agus an tacaíocht fhrithpháirteach maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus an bhonneagair fuinnimh, lena n-áirítear na saincheisteanna maidir le praghsanna inacmhainne fuinnimh a áirithiú san aistriú fuinnimh.

11. Is díol mór sásaimh don Chomhairle comhar an Aontais leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus tá sí ag súil le naisc níos dlúithe a fhorbairt le hAndóra agus San Mairíne i ndáil leis an méid sin.

12. Tugann an Chomhairle dá haire na gníomhaíochtaí aontaobhacha a rinne páirtithe áirithe agus na dúshláin atá ann mar thoradh orthu sin a bhaineann le comhbhainistiú na stoc éisc san Atlantach Thoir Thuaidh. Tá géarghá le córais chuimsitheacha fhreagracha inbhuanaithe bhainistíochta a chomhaontú chun na tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha a bhainimid as na stoic sin a choinneáil, agus chun róshaothrú agus dul i laghad stoc dá bharr sin a sheachaint, córais ina mbeadh freagracht bhainistíochta ar gach Páirtí as na stoic sin, lena n-áirítear an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó.

## AN ÍOSLAINN

13. Is comhpháirtí tábhachtach iontaofa í an Íoslainn. Is mór ag an gComhairle an dlúthchomhar leis an Íoslainn i réimsí éagsúla, mar atá an taighde, an nuálaíocht, an t-oideachas, an fuinneamh, an trádáil, an comhshaol agus an t-athrú aeráide, an beartas eachtrach agus slándála, cearta an duine agus comhionannas inscne, lena n-áirítear i bhfóraim idirnáisiúnta, agus an ceartas agus gnóthaí baile. Is mór ag an Aontas ráta ard leanúnach ailínithe na hÍoslainne leis an Aontas i réimse CBES.

14. Tá Comhaontú LEE fós mar bhunchloch dár gcaidreamh. I ndáil leis an méid sin, is mian leis an gComhairle an Íoslainn a mholadh as a cuid iarrachtaí an bhéim ar dhea-fheidhmiú LEE a mhéadú, chomh maith leis na hiarrachtaí atá déanta aici le blianta beaga anuas d'fhonn easnamh trasuímh LEE a laghdú.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar maith leis an Íoslainn maidir le rialachas limistéar Schengen agus is mór aici tiomantas iontaofa na hÍoslainne do chur i bhfeidhm éifeachtach *acquis* Schengen agus do chur chun feidhme an chórais dul isteach/imeachta (EES) agus an Chórais Eorpaigh um fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) atá ar na bacáin.

16. Molann an Chomhairle an Íoslainn as a cathaoirleacht rathúil ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa ó mhí na Samhna 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023, agus as a ról i mbunú Chlár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin trí Pháirt-Chomhaontú Méadaithe. Molann an Chomhairle an dlúthchomhar idir an Íoslainn agus an tAontas i gComhairle na hEorpa, agus a thábhachtaí atá sé don Íoslainn agus don Aontas an smacht reachta a neartú agus cearta an duine a chosaint.

17. Le Beartas an Aontais maidir leis an Artach, ina ndírítear ar an athrú aeráide, ar shaincheisteanna comhshaoil, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an gcomhar idirnáisiúnta, léirítear spéis láidir an Aontais i dtaca lena rannpháirtíocht trasearnála san Artach a mhéadú agus a fhorbairt a thuilleadh. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa í an Íoslainn maidir le saincheisteanna Artacha agus is fada leis an gComhairle dlús a chur leis an gcomhpháirtíocht speisialta sin go háirithe i réimsí an taighde agus na heolaíochta, na slándála, na gníomhaíochta chun athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fheabhsú agus chosc an truaillithe. Is díol sásaimh di tacaíocht láidir leanúnach na hÍoslainne don Aontas maidir le stádas breathnóra fháil sa Chomhairle Artach agus do rannpháirtíocht an Aontais i bhfóraim ábhartha.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle an dea-chomhar leis an Íoslainn maidir le gnóthaí iascaigh agus muirí, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC), agus tá sí ag tnúth le leanúint leis an rannpháirtíocht dhearfach sin. Aithníonn an Chomhairle gur chun ár leasa choitinn é ár gcaidreamh déthaobhach iascaigh a threisiú agus creat comhoibritheach a bhunú chun cur chuige comhordaithe a chur chun cinn agus cothrom na Féinne a éascú lena dtacófar le stoic chomhroinnte a bhainistiú go hinbhuanaithe.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an *moratorium* arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile muirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta Speiceas atá i mBaol (CITES). Iarrann an Chomhairle ar an Íoslainn an athuair a forchoimeádas i ndáil leis an moratóir maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra a tharraingt siar, chomh maith leis na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis na speicis sin agus speicis mhuirí eile.

20. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil gealltanas tugtha ag an Íoslainn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2040, agus molann sí go ndéanfaí dul chun cinn ó thaobh gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. I bhfianaise an aistrithe ghlais, tá an Aontas ag tnúth leis an gcomhar leis an Íoslainn a neartú agus le fios gnó maidir le fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe a mhalartú, lena n-áirítear hidrigin [...] agus gabháil agus stóráil carbóin. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Íoslainn páirt sa Ghealltanas Domhanda faoi stiúir an Aontais ag COP 28 chun feabhsuithe bliantúla ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt agus chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú faoi thrí faoi 2030.

**PRIONSACHT LICHTINSTÉIN**

21. Tá an caidreamh idir an tAontas agus Lichtinstéin mar chomhpháirtí tábhachtach iontaofa fós fíormhaith agus dinimiciúil, agus rinneadh é a dhoimhniú agus a éagsúlú a thuilleadh ó 2022 i leith. Is mór ag an gComhairle an comhar leanúnach den scoth le Lichtinstéin sna réimsí arna gcumhdach le Comhaontú LEE agus Comhaontú Schengen agus córais Bhaile Átha Cliath, agus in earnálacha eile chomh maith. Is díol sásaimh don Chomhairle na rátaí arda iontaofa trasuímh atá ag Lichtinstéin laistigh de LEE agus is mór ag an gComhairle go háirithe na hiarrachtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar dhúshláin choiteanna, lena n-áirítear an t-aistriú digiteach agus an t-athrú aeráide. Measann sí gur fiú dea-chleachtais a phlé a thuilleadh le Lichtinstéin i réimsí leasa choitinn, mar shampla córais rialála an bhlocshlabhra.

22. Is mór ag an gComhairle ráta ard leanúnach ailínithe Lichtinstéin leis an Aontas i réimse CBES.

23. Mar gheall ar rannpháirtíocht leanúnach Lichtinstéin i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus ESCE, i réimsí ar nós an smachta reachta, chearta an duine agus an cheartais choiriúil idirnáisiúnta, is comhpháirtí iontaofa tiomanta don Aontas í Lichtinstéin. Molann an Chomhairle freisin cathaoirleacht rathúil Lichtinstéin ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa ó mhí na Samhna 2023 go mí na Bealtaine 2024.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú atá ag teacht ar an gcomhar idir an tAontas agus Lichtinstéin i gcúrsaí ceartais agus gnóthaí baile ó 2011 i leith, nuair a tháinig Lichtinstéin isteach i limistéar Schengen agus nuair a thosaigh sí ag glacadh páirt i gcóras Bhaile Átha Cliath. Is díol sásaimh don Chomhairle an dea-chomhar le Lichtinstéin maidir le rialachas limistéar Schengen agus is mór aici tiomantas iontaofa Lichtinstéin do chur i bhfeidhm éifeachtach *acquis* Schengen. Tá an Chomhairle ag tnúth freisin le dlúthchomhar Lichtinstéin maidir le EES agus ETIAS a chur chun feidhme. Molann an Chomhairle do Lichtinstéin a thuilleadh leanúint dá rannpháirtíocht sa phróiseas athshocrúcháin d'iarrthóirí tearmainn.

25. Meabhraítear don Chomhairle an tiomantas do Chomhaontú Pháras agus na spriocanna chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac Lichtinstéin páirt sa Ghealltanas Domhanda faoi stiúir an Aontais ag COP 28 chun imscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú faoi thrí agus chun feabhsuithe bliantúla ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt faoi 2030. Tá cur chuige uilechuimsitheach Lichtinstéin i leith na hinbhuanaitheachta ag teacht go maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle comhar cuiditheach trédhearcach oscailte Lichtinstéin leis an Aontas, arb é is aidhm dó prionsabail agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an creat dlíthiúil a cuireadh i bhfeidhm maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise chun críoch cánach. Le déanaí, is díol sásaimh iad forbairtí iarratas Lichtinstéin ar bhallraíocht sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus ar rannpháirtíocht sa chothroime iomaíochta domhanda ó thaobh cánacha corparáideacha (rialacha GloBE).

## RÍOCHT NA hIORUA

27. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa de chuid an Aontais le fada an lá í an Iorua. Is mór ag an gComhairle an dlúthchomhar leis an Iorua i réimsí ar nós an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais. Oibríonn an tAontas agus an Iorua le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhór dúshlán coitianta, mar shampla, an t-athrú aeráide, an t-aistriú glas, an imirce, agus cosaint dár gcuid saoránach. Is caidreamh den scoth atá eadrainn, ar an iomlán, le 2 bhliain anuas.

28. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar láidir leanúnach leis an Iorua i réimsí CBES agus CBSC, agus is mór aici ráta ard leanúnach ailínithe na hIorua leis an Aontas i réimse CBES. Leis an gComhpháirtíocht Slándála agus Cosanta leis an Iorua a tugadh i gcrích le déanaí, beifear in ann comhar níos dlúithe fós a dhéanamh.

29. Saothraíonn an Iorua dlúthchomhar an-ghníomhach leis an Aontas san iliomad sraitheanna oibre comhpháirtí agus tionscnamh comhpháirteach chomh maith le hidirphlé rialta ar leibhéil éagsúla maidir le príomh-shaincheisteanna beartais eachtraigh, lena n-áirítear trí thacaíocht sheanbhunaithe do mhisin agus d'oibríochtaí CBSC, trí rannpháirtíocht i dtionscadail PESCO agus tríd an gCiste Eorpach Cosanta (EDF). Tá dlús breise curtha leis an gcomhar idir an tAontas agus an Iorua maidir le slándáil agus cosaint tar éis don Rúis cogadh foghach a chur ar an Úcráin, agus an Iorua rannpháirteach go háirithe in Atreisiú Thionscal Cosanta na hEorpa tríd an nGníomh um Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) agus tríd an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP). Is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar idir an tAontas agus an Iorua maidir leis an Úcráin, agus aithníonn sí an tacaíocht shuntasach airgeadais a chuireann an Iorua ar fáil don Úcráin tríd an gclár tiomnaithe Nansen. Bunaítear comhar idir an tAontas agus an Iorua ar luachanna comhroinnte, go mór mór ar urraim do chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha, agus clúdaítear idirghabháil, cothú na síochána agus an clár oibre idirnáisiúnta don fhorbairt leis an gcomhar sin fosta.

30. Tá tuiscint láidir ar an bhfreagracht ag an Aontas agus ag an Iorua araon i ndáil lenár saoránach, ár dtimpeallacht nádúrtha agus ar na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Is díol sásaimh don Chomhairle gur léir go bhfuil an Iorua toilteanach rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais Eorpaigh, gur mian léi leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhar idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, agus oibriú chun gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, in éineacht leis an Aontas. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Iorua páirt sa Ghealltanas Domhanda faoi stiúir an Aontais ag COP 28 chun feabhsuithe bliantúla ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt agus chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú faoi thrí faoi 2030. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na hiarrachtaí comhpháirteacha leis an Iorua a neartú, tríd an gComhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas agus an Iorua, a síníodh i mí Aibreáin 2023, chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta chomh maith leis an aistriú tionsclaíoch glas, eadhon maidir le gabháil agus stóráil carbóin agus trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, mar shampla, an Chomhpháirtíocht maidir le hAmhábhair Inbhuanaithe agus Slabhraí Luacha Ceallraí. Mar sin féin, tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis imní di, an cinneadh ó Pharlaimint na hIorua an 9 Eanáir 2024 maidir le mianadóireacht ar ghrinneall na farraige san Artach, agus meabhraítear di gealltanais idirnáisiúnta ina leagtar béim ar phróiseas measúnaithe críochnúil ar an tionchar a bheadh ag gníomhaíochtaí mianadóireachta a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol.

31. Is soláthróir mór iontaofa don Aontas í an Iorua i gcónaí ó thaobh ola agus gáis de, ach is dlúth-chomhpháirtí í ó thaobh fhoinsí eile fuinnimh a fhorbairt freisin. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle don Iorua a hacmhainneacht maidir le gaoth amach ón gcósta [...] a fhorbairt a thuilleadh, agus páirt iomlán a ghlacadh i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite sa Mhuir Thuaidh. Tá an dlúthchomhar atá eadrainn fós ríthábhachtach do shlándáil fuinnimh an Aontais agus do chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus is cloch choirnéil é don chaidreamh a théann chun tairbhe don Aontas agus don Iorua araon.

32. Le Beartas an Aontais maidir leis an Artach ina ndírítear ar an athrú aeráide, ar shaincheisteanna comhshaoil, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an gcomhar idirnáisiúnta, léirítear spéis láidir an Aontais i dtaca le cur leis an rannpháirtíocht trasearnála atá aige san Artach agus í a fhorbairt a thuilleadh. Is díol sásaimh di tacaíocht láidir leanúnach na hIorua do rannpháirtíocht an Aontais san Artach. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa í an Iorua maidir le saincheisteanna Artacha agus tá an Chomhairle ag tnúth le leanúint de dhlús a chur leis an gcomhpháirtíocht speisialta sin go háirithe i réimsí an taighde agus na heolaíochta, na slándála, na gníomhaíochta chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosc ar thruailliú a fheabhsú.

33. Molann an Chomhairle an Iorua as a cathaoirleacht ar an gComhairle Artach (Bealtaine 2023 – Bealtaine 2025) agus tacaíonn sí go hiomlán lena cuspóirí an Chomhairle Artach a choinneáil ábhartha i gcomhthéacs reatha an teannais gheopholaitiúil. Is díol sásaimh di tacaíocht láidir leanúnach na hIorua do stádas breathnóra a bhronnadh ar an Aontas sa Chomhairle Artach agus do rannpháirtíocht an Aontais i bhfóraim ábhartha. Is comhpháirtithe lárnacha iad an tAontas agus an Iorua ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aigéan fosta, ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach araon.

34. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an Iorua mar cheann de phríomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais, agus meabhraítear di an t-athbhreithniú rialta atá beartaithe ar an gComhaontú idir an Iorua agus an tAontas maidir le fabhair thrádála bhreise i ndáil le táirgí talmhaíochta bunúsacha. Is oth leis an gComhairle an easpa dul chun cinn a rinneadh agus athdhearbhaíonn sí go láidir a hiarraidh ar an Iorua páirt ghníomhach a ghlacadh, mar thosaíocht agus gan mhoill, i bpróiseas caibidlíochta cuiditheach maidir le léirscaoileadh trádála i dtáirgí próiseáilte talmhaíochta faoi chuimsiú Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 de Phrótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE. Iarrann an Chomhairle arís go rachfaí i mbun na caibidlíochta an athuair maidir le tásca geografacha a chosaint, ar gné thábhachtach é den trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta agus i mbia-earraí.

35. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leis an Iorua maidir le rialachas limistéar Schengen agus is mór aici a tiomantas iontaofa do chur i bhfeidhm éifeachtach *acquis* Schengen agus do chur chun feidhme EES agus ETIAS atá ar na bacáin. Mar sin féin, is oth leis an gComhairle go ndéanann údaráis na hIorua seiceálacha céannachta treallacha ar phaisinéirí a thagann ó phointí trasnaithe teorann na mBallstát ar aerlínte áirithe de chuid an Aontais gan anailís riosca shonrach ná réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen (Rialachán (AE) 2016/399), rud nach bhfuil i gcomhréir le hAirteagal 2 de Phrótacal Schengen 1985. Is mór ag an gComhairle i gcónaí comhtháthú láidir na hIorua i gcórais Schengen agus Bhaile Átha Cliath, bunaithe ar chomhar, ar dhlúthpháirtíocht agus ar rialuithe éifeachtacha ag teorainneacha seachtracha.

36. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí dearfacha agus an dea-chomhar faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha agus faoi Chaibidil IIa de Phrótacal 10 LEE maidir le bearta slándála custaim.

37. Is olc leis an gComhairle an easpa dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas maidir le comhbhainistiú na stoc éisc san Atlantach Thoir Thuaidh agus easpa comhair na hIorua sa Choimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh, go háirithe maidir leis na saincheisteanna seanbhunaithe a bhaineann le Spitzbergen (lena n-áirítear sciar stairiúil an Aontais den trosc Artach a urramú). Is olc leis an gComhairle freisin gur shocraigh an Iorua cuótaí aontaobhacha agus iomarcacha don ronnach, agus an easpa comhair chuidithigh leis an Aontas i ndáil leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le socruithe nua comhroinnte do stoic na Stát cósta, mar shampla trí thograí a chur síos lena bhfágfar an tAontas lasmuigh de shocruithe comhroinnte d'aon turas. Is saoth leis an gComhairle freisin na ciorruithe a forchuireadh ar rochtain chabhlach an Aontais ar uiscí na hIorua do stoic na Mara Thuaidh, lena n-áirítear scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann agus an easpa bunús eolaíoch atá leis an toirmeasc ginearálta ar iascach tráil bhíoma, chomh maith le deireadh a chur le hiascaireacht trasteorann Skagerrak. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí toilteanach teacht ar shocruithe déthaobhacha agus iltaobhacha lena n-áiritheofar go ndéanfar iascach a bhainistiú ar bhealach freagrach, cobhsaí agus inbhuanaithe maidir le príomhacmhainní agus éilíonn sí comhar agus tacaíocht na hIorua i ndáil leis sin.

38. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an *moratorium* arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile muirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine atá i mBaol (CITES). Tathantaíonn an Chomhairle ar an Iorua deireadh a chur lena hagóid i gcoinne an mhoratóra maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra a urramú go hiomlán, agus na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis an speiceas seo agus speicis mhuirí eile a tharraingt siar.

39. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na naisc idir an tAontas agus an Iorua a neartú a thuilleadh, lasmuigh de chomhar LEE freisin. Leanfaidh an Chomhairle d'aird ar leith a thabhairt ar an gcothromaíocht fhoriomlán is gá inár gcaidreamh déthaobhach.

**AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH**

40. Is é 2024 comóradh 30 bliain theacht i bhfeidhm Chomhaontú LEE, deis ar leith chun machnamh a dhéanamh ar rannchuidiú chomhar LEE leis an bhforbairt leanúnach, leis an rathúnas, leis an gcobhsaíocht agus leis an tsíocháin. Is samhail comhair é LEE idir dlúth-chomhpháirtithe agus is oidhreacht é do na glúnta atá le teacht. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinneadh chun cur leis an bhfeasacht ar a thábhachtaí atá Comhaontú LEE agus ar an tacaíocht a thugtar dó chun comhtháthú eacnamaíoch idir stáit LEE a chur chun cinn, chun margadh inmheánach níos athléimní agus níos dinimiciúla a thógáil agus chun ár gcomhluachanna a chosaint i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos casta i gcónaí.

41. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ionchorpraíodh roinnt píosaí reachtaíochta an-tábhachtach i gComhaontú LEE le 2 bhliain anuas, mar shampla, an reachtaíocht [...] maidir le Cigireacht Loinge, an Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Rialachán agus an reachtaíocht ghaolmhar maidir le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, an Pacáiste Cibearshlándála, an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí agus Comhlíonadh Táirgí, an Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair agus Córas Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais (CTA AE) le haghaidh suiteáil eitlíochta agus mhuirí agus suiteáil dho-aistrithe a leathnú chuig LEE ina iomláine. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí breise d’fhonn an reachtaíocht atá ar feitheamh a chur chun feidhme go pras, mar shampla an Pacáiste Bia agus Beatha Géinmhodhnaithe, an Rialachán maidir le hOibríochtaí Héileacaptar amach ón gCósta agus *acquis* an Aontais a bhaineann le LEE i réimsí an fhuinnimh, na seirbhísí airgeadais agus an staidrimh.

42. D'ainneoin na n-iarrachtaí uile, tá líon na ngníomhartha de chuid an Aontais atá ar feitheamh lena n-ionchorprú i gComhaontú LEE agus lena dtrasuí ina dhiaidh sin i Stáit CSTE LEE, an riaráiste mar a thugtar air, fós ard, go háirithe i gcás an *acquis* fuinnimh agus i réimsí na seirbhísí airgeadais agus an staidrimh. Maidir leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go ráthaítear éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus, i ndeireadh na dála, inchreidteacht an mhargaidh inmheánaigh le prionsabail na haonchineálachta agus na deimhneachta dlíthiúla, agus dá bharr sin, ní foláir go leanfaidh na prionsabail sin de na páirtithe uile a threorú maidir le feidhmiú Chomhaontú LEE. Iarrann an Chomhairle ar Stáit CSTE LEE leanúint de na hiarrachtaí chun an riaráiste a laghdú, lena n-áirítear na píosaí reachtaíochta sin atá ar feitheamh lena n-ionchorprú i gComhaontú LEE le roinnt blianta anuas, agus a áirithiú nach dtiocfaidh sé chun cinn arís go luath amach anseo. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur príomhphrionsabail de Chomhaontú LEE iad forbairt na gné sóisialta agus dálaí oibre feabhsaithe.

43. Is díol sásaimh don Chomhairle gur mian le Stáit CSTE LEE comhar níos dlúithe a chothú leis an Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus tá sí ag tnúth le tuilleadh plé a dhéanamh ar a rannpháirtíocht i gcomhghníomhaíocht chun sláinte na saoránach a chosaint, ag tógáil ar an dlúthchaidreamh atá againn cheana, laistigh agus lasmuigh de Chomhaontú LEE araon.

44. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhféadfaí teacht ar chomhaontú maidir le LEE agus Sásraí Airgeadais na hIorua don tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028.

45. Meabhraítear don Chomhairle go bhforáiltear le hAirteagal 19 de Chomhaontú LEE gur cheart do na Páirtithe Conarthacha leanúint dá n-iarrachtaí léirscaoileadh trádála a bhaint amach de réir a chéile i gcás táirgí talmhaíochta agus, chuige sin, ba cheart athbhreithnithe a dhéanamh gach 2 bhliain ar na coinníollacha trádála i gcás táirgí talmhaíochta, d'fhonn féachaint an bhféadfaí aon lamháltais agus laghduithe eile ar bhacainní a dhéanamh.

## PRIONSACHT ANDÓRA AGUS POBLACHT SAN MAIRÍNE

46. Tugann an Chomhairle dá haire gur thángthas ar chomhaontú ar leibhéal na n-idirbheartaithe an 12 Nollaig 2023 maidir le Comhaontú Comhlachais le hAndóra agus San Mairíne. A luaithe a bheidh na nósanna imeachta uile tugtha chun críche, déanfar foráil sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht Andóra agus San Mairíne sa mhargadh inmheánach. Bunófar leis creat chun idirphlé agus comhar a fhorbairt agus a chur chun cinn i réimsí leasa choitinn, mar shampla taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, cultúr nó comhar réigiúnach. I gcás na Comhairle, cuirfidh an comhaontú forleathan uathúil seo tús le caibidil nua sa chaidreamh idir an tAontas agus Andóra agus San Mairíne agus cuirfear san áireamh ann sainiúlachtaí gach tíre agus a staid ar leith i gcomhréir leis an Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá mionanailís á déanamh ag an gComhairle ar na téacsanna dlíthiúla d'fhonn an Comhaontú a scrúdú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích go tráthúil.

47. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici neartú na n-acmhainneachtaí riaracháin in Andóra agus San Mairíne chun a áirithiú go ndéanfar ailíniú go tapa le *acquis* an Aontais, chomh maith le maoirseacht agus forfheidhmiú láidir i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Tá sí faoi réir le cúnamh riaracháin agus teicniúil a chur ar fáil chun an sprioc sin a bhaint amach.

48. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí cumarsáide a rinne Andóra agus San Mairíne maidir leis an gComhaontú Comhlachais chun an pobal a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le toradh na caibidlíochta. Tá an Chomhairle faoi réir chun cabhrú le hiarrachtaí breise cumarsáide chun saoránaigh agus geallsealbhóirí a chur ar an eolas maidir le buntáistí agus oibleagáidí an Chomhaontaithe Comhlachais. Molann an Chomhairle do na geallsealbhóirí uile leanúint dá bhfor-rochtain phoiblí chun feasacht a mhéadú maidir le hiarmhairtí an Chomhaontaithe seo a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus chun cóineasú níos fearr a bhaint amach maidir le seasaimh in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

49. Iarrann an Chomhairle an athuair ar Andóra dul isteach san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

50. Maidir leis an mbeartas eachtrach, is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leanúnach le hAndóra agus San Mairíne i bhfóraim iltaobhacha go háirithe i gcreat na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí dhlúththeagmhálacha agus ailíniú le seasaimh, dearbhuithe agus bearta sriantacha CBES an Aontais, agus aithníonn sí an fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Meabhraítear don Chomhairle go dtacaíonn sí le treisiú breise an chomhair trí chreat a bhunú d'idirphlé déthaobhach polaitiúil maidir leis an mbeartas eachtrach le gach ceann de na tíortha agus trí phróiseas struchtúrtha córasach chun iad a ailíniú leis an Aontas maidir le hábhair CBES, go háirithe trí Andóra agus San Mairíne a áireamh sa ghrúpa tíortha a n-iarrtar orthu go córasach ailíniú go foirmiúil le Dearbhuithe CBES ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus bearta sriantacha an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Andóra agus San Mairíne i gcruinnithe an Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tacaíonn sí lena rannpháirtíocht sna cruinnithe sin amach anseo.

51. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar cuiditheach trédhearcach oscailte le hAndóra, Monacó agus San Mairíne, agus é mar aidhm prionsabail idirnáisiúnta i dtaca le dea-rialachas cánach agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Andóra agus San Mairíne chun a reachtaíocht chánach agus cleachtais chánacha a chur in oiriúint do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta. Cuireann sí i dtreis an gá atá le hailíniú iomlán le caighdeáin an Aontais ionas nach gcruthófar bealaí éalaithe laistigh den Mhargadh Inmheánach.

52. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme EES agus ETIAS atá le teacht a mhéid a bhaineann le saoránaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu in Andóra agus i San Mairíne, agus tá súil aici go dtiocfar ar réiteach maidir leis an tsaincheist sin.

53. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus Andóra Creat-Chomhaontú i mí na Nollag 2022, lena gceadaítear d'Andóra tacaíocht a fháil do thionscadail in earnálacha éagsúla. Meastar go mbeidh tionchar láidir ag an gcomhar le BEI ó thaobh comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus geografach de

54. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an chonclúid dhearfach ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú ar an gcinneadh leordhóthanachta i ndáil le coimircí cosanta sonraí an 15 Eanáir 2024, rud a fhágann gur féidir leanúint de shaorshreabhadh sonraí chuig Andóra.

55. Measann an Chomhairle freisin gur fiú an comhar a neartú i réimse an aistrithe dhigitigh agus ghlais, ós rud é gur tosaíochtaí coiteanna iad sin le hAndóra agus San Mairíne.

**PRIONSACHT MHONACÓ**

56. Tugann an Chomhairle dá haire an cinneadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhlachais a chur ar fionraí an 14 Meán Fómhair 2023. Aithníonn an Chomhairle nach raibh na dálaí cearta ann chun an chaibidlíocht a thabhairt chun críche go rathúil. Mar sin féin, tá an tAontas fós ina chomhpháirtí pribhléideach de Mhonacó agus tá fáilte roimh Mhonacó i gcónaí páirt a ghlacadh sa Chomhaontú Comhlachais le hAndóra agus San Mairíne.

57. Maidir leis an mbeartas eachtrach, is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leanúnach le Monacó i bhfóraim iltaobhacha, go háirithe i gcreat na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí dhlúththeagmhálacha agus ailíniú le seasaimh, dearbhuithe agus bearta sriantacha CBES an Aontais, agus aithníonn sí an fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Meabhraítear don Chomhairle go dtacaíonn sí le treisiú breise an chomhair trí chreat a bhunú d'idirphlé déthaobhach polaitiúil maidir leis an mbeartas eachtrach le Monacó, agus trí phróiseas struchtúrtha córasach chun é a ailíniú leis an Aontas maidir le hábhair CBES, go háirithe trí Mhonacó a áireamh sa ghrúpa tíortha a n-iarrtar orthu go córasach ailíniú go foirmiúil le Dearbhuithe CBES ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus bearta sriantacha an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Mhonacó i gcruinnithe an Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tacaíonn sí lena rannpháirtíocht sna cruinnithe sin amach anseo.

58. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas Mhonacó do chosaint an chomhshaoil chomh maith le comhrac an athraithe aeráide. Is mór aici gur ghlac Monacó páirt sa Ghealltanas Domhanda faoi stiúir an Aontais ag COP 28 chun feabhsuithe bliantúla ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt agus chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú faoi thrí faoi 2030. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dhaingnigh Monacó Conradh na Mórmhara, 'Comhaontú BBNJ'. Aithníonn an Chomhairle freisin go bhfuil Monacó i gcoinne na mianadóireachta ar ghrinneall na domhainfharraige mar a athdhearbhaíodh ag an 28ú seisiún den Údarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige i mí Iúil 2023.

59. Is díol sásaimh don Chomhairle na forbairtí i Monacó maidir le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis), go sonrach cur chun feidhme leordhóthanach an íoschaighdeáin maidir le tuairisciú de réir tíre. Meabhraítear don Chomhairle freisin tuarascáil Moneyval mhí Eanáir 2023 agus is cúis imní di cur chun feidhme an 4ú agus an 5ú treoir maidir le comhrac an sciúrtha airgid i Monacó. Déanfaidh sé dlúthfhaireachán breise féachaint an leor forbairtí reachtacha i Monacó chun an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) agus ceanglais an Aontais a chomhlíonadh. Tá sí ag tnúth leis na conclúidí ó Chruinniú Iomlánach TFGA an 23-28 Meitheamh 2024, ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag Monacó chun a creat maidir le comhrac an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta a dhéanamh níos láidre agus, dá bhrí sin, ar cheart Monacó a chur le liosta TFGA de Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu (i.e. 'an liosta liath').

60. Iarrann an Chomhairle arís ar Mhonacó dul isteach san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair. Iarrann an Chomhairle freisin ar Mhonacó Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus an Comhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na Cúirte a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

**<u>OILEÁIN FHARÓ</u>**

47. Measann an Chomhairle go gciallaíonn suíomh straitéiseach Oileáin Fharó san Atlantach Thuaidh gur comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais iad Oileáin Fharó maidir le roinnt beartas an Aontais, lena n-áirítear Beartas Artach an Aontais. Is mór ag an gComhairle an comhar atá ann cheana le hOileáin Fharó i réimsí mar atá an trádáil, an dobharshaothrú, an taighde, an nuálaíocht agus saincheisteanna an Atlantaigh Thuaidh laistigh de réimsí inniúlachtaí na bPáirtithe.

48. Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh an Meabhrán Tuisceana maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Fharó an 14 Márta 2024. Tugann sí dá haire na príomhthosaíochtaí a liostaítear sa Mheabhrán Tuisceana sin, go háirithe an bhéim ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, ar an athrú aeráide agus ar an gcomhar eolaíoch. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go ndírítear ar a thábhachtaí atá caidreamh cothrom trádála agus bainistiú inbhuanaithe iascaigh.

49. Cuireann an Chomhairle i dtreis an imní atá uirthi maidir leis an mbaol d'inbhuanaitheacht na stoc tábhachtach éisc mar shampla, an ronnach agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann mar gheall ar chuótaí aontaobhacha ard agus iomarcacha a bheith socraithe agus is olc léi an easpa comhar cuiditheach leis an Aontas i gcaibidlíocht na stát cósta maidir leis na stoic sin. Iarrann an Chomhairle ar Oileáin Fharó dlús a chur lena comhar leis an Aontas trí chreat na stát cósta chun socruithe comhroinnte cothromasacha a áirithiú lena dtacófar le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe stoc comhroinnte san Atlantach Thoir Thuaidh (an ronnach, scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann agus an faoitín gorm).

50. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cháin Oileáin Fharó cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chomh maith leis an gcinneadh ó Oileáin Fharó ailíniú a dhéanamh le bearta sriantacha an Aontais. Molann an Chomhairle d'Oileáin Fharó oibriú chun na bearta sriantacha a chur chun feidhme a thuilleadh chun ailíniú leanúnach a áirithiú.

---